—2007—

# 'In Ard a Ghutha', Finnéithe Litríochta an Fichiú hAois: Critic Iriseoireachta

Regina Uí Chollatáin

(Cathaoirleach: Alan Titley)[1]

**Réamhrá**

Soláthraíodh iliomad múnlaí agus foirmlí d'iriseoireacht na Gaeilge le breis agus dhá chéad bliain anuas. Toisc gur táirge agus seirbhís bheo í an iriseoireacht, beathaítear ar bhonn leanúnach í trí éagsúlacht na bpróiseas cumarsáide seo a bhfuil forbairt fhorásach mar bhunús leo. De bharr an fhoráis seo, saothraíodh idir thraidisiún scríofa agus thraidisiún béil trí na meáin chlóite agus chraolta. I gcomhthéacs teoiricí seachadta agus glactha, tháinig athrú agus claochlú suntasach ar na modhanna agus ar na múnlaí ar baineadh úsáid astu chun ról na meán Gaeilge sa tsochaí a dheimhniú. Is mar mheán cumarsáide mar sin go príomha a shamhlaítear na meáin Ghaeilge cé, ar bhonn réadach, gur mhinic a d'fheidhmigh an iriseoireacht chlóite mar mheán liteartha ná mar mheán cumarsáide. Glactar leis gur ghléasanna tarrthála don teanga féin agus don litríocht go háirithe a bhí sna hirisí agus sna nuachtáin ó lár an naoú haois déag ar aghaidh. Ainneoin argóintí conspóideacha agus easaontaithe ar luach na meán mar uirlis theangúil labhartha, léiríonn fianaise na sleachta iriseoireachta clóite in irisí agus i nuachtáin na hÉireann gur cothaíodh teanga na litríochta ar a laghad ar an ardán seo. Ionas go dtuigfear an cothú seo go hiomlán caithfear an corpas scríbhneoireachta a bronnadh ar ghlúin chomhaimseartha an aonú haois is fiche a scrúdú go coincheapúil, criticiúil. Ainneoin go n-aithnítear an fóram a cuireadh ar fáil, is annamh

a dhéantar dianscagadh ar ábhar agus ar stíl na scríbhinní féin chun iad a mheas faoi rúibricí léirmheastóireachta ár linne.

Ní haon chomhtharlú é, i gcás na meán Gaeilge go háirithe, forbairt as cuimse na meán le blianta anuas, agus an tsaoirse iniúchta agus anailíse ag teacht chun tosaigh. Gné sheasmhach, shócúlach, fholláin í seo, a réitíonn an bealach don cheistiúchán agus don chritic ar na meáin, gné a bhfuil fréamhacha láidre aici sa nasc a chruthaítear idir gairm na hiriseoireachta agus staidéar na meán:

> Another important influence on the production of print and broadcast media culture in Ireland has occurred via the media education system where journalism textbooks from Britain and the USA are widely used because of the dearth of Irish titles… Journalism education at university degree level only came on stream in Ireland in the early 1990's, whereas journalism has been offered at third level in the USA for over a 100 years, giving rise to an extensive back-catalogue of journalism textbooks and academic media analysis. Ireland is in the early stages of making good this intellectual lacuna (Horgan, Mc Namara, O'Sullivan 2007: 34–5).

I bhfráma tagartha na critice úd, taobh leis an gcriticeas litríochta, is fearr a gheofar léargas ar luach na colúnaíochta in iriseoireacht chlóite na Gaeilge agus sa litríocht féin. Is í an cholúnaíocht litríochta is príomhábhar don aiste seo. I bhfianaise chomhpháirtíocht na bpáirtnéirí uile i bpróiseas na hiriseoireachta a bhaineann leis an cholúnaíocht, ní féidir an cholúnaíocht a iniúchadh neamhspleách ar thuiscintí agus ar theoiricí iriseoireachta agus litríochta. Socraíodh ar úsáid a bhaint as rogha de nuachtáin náisiúnta agus tréimhseacháin amháin don staidéar seo. Níl aon amhras ach go bhfuil idir ábhar díolamaí agus taighde critice sna céadta irisí agus nuachtán Gaeilge eile nach bpléitear anseo agus gur fiú go mór tabhairt faoina rangú agus faoina n-anailísiú i gceart. Níl sa saothar seo ach bunchloch na hoibre úd. Faoi na rúibricí a luadh go nuige seo, aithnítear difríocht mhór idir na scríbhinní tosaigh agus an fóram a soláthraíodh agus a neartaíodh le briseadh amach an nua-smaointeachais ó na 1930í déanacha ar aghaidh.

An téacs agus an comhthéacs, an glacadh agus an seachadadh is bunús don taighde agus baintear úsáid as treoracha agus modhanna éagsúla smaointeachais faoi théiseanna criticeoirí aitheanta sa dá sheánra, iriseoireacht agus litríocht, chun critic agus fráma coincheapúil na colúnaíochta Gaeilge a mheas. Scrúdaítear rólanna éagsúla an scríbhneora mar iriseoir agus mar ealaíontóir a fheidhmíonn mar fhealsúnaí, mar fhinné agus mar scéalaí pobail. Ríomhtar na peirspictíochtaí sochtheangeolaíocha, agus ról an léitheora á mheas i gcomhthéacs teanga na hiriseoireachta. Mionscagadh ar shainghnéithe fhorbairt na litríochta agus na colúnaíochta Gaeilge atá á ríomh agus á gceistiú anseo i gcomhthéacs na hAthbheochana agus i gcomhthéacs fhorás na nualitríochta Gaeilge i rith an fichiú haois.

Is annamh a chloistear na focail iriseoireacht agus critic in aon abairt amháin le chéile, toisc doiléire an naisc idir cúrsaí litríochta, iriseoireachta agus teanga.